snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

## AN BOSCA CABAIREACHTA

# AG CUMADH SCÉALTA LEIS AN MBOSCA SIOMBAL

### Aidhm


Ag cumadh scéalta leis an mbosca siombal.

Is féidir úsáid éifeachtach a bhaint as an mbosca siombal atá sa bhosca cabaireachta i *Zoom* chun cleachtaí cainte agus cleachtaí stór focal a eagrú.

### Treoir

Iarr ar na foghlaimeoirí ceithre shiombal a chur isteach sa bhosca cabaireachta. Ansin beidh siad ag obair i ngrúpaí nó i bpéirí – roghnóidh gach grúpa/péire 3-4 shraith pictiúr agus caithfidh siad scéal beag nó abairtí a chumadh a bhfuil na pictiúir iontu. Braithfidh castacht na n-abairtí/an scéil ar leibhéal teanga an ranga.

Sampla:



Pictiúr 1: Cheannaigh mé arán sa siopa. Bhí seilide istigh ann. Bhí déistin orm. Chuir mé glaoch ar an siopa. D'imigh mé sa charr chun airgead a fháil ar ais.

Pictiúr 2: Is imreoir leadóige mé. D'imigh mé go Páras chun cluiche tábhachtach a imirt. D'ith mé burgar i mbialann dheas i bPáras ach bhí mé an-tinn ina dhiaidh agus b'éigean dom dul in otharcharr go dtí an t-ospidéal.